# Líon na Bearnaí

## Sraith 20: Sláinte na nÓg - Seachtain na Sláinte

### Pictiúr 1

Ag a leath uair tar éis a deich ar maidin labhair Príomhoide na scoile leis na daltaí agus leis na múinteoirí go léir thar chóras ________ poiblí na scoile. D'fhógair sí go mbeadh "Seachtain na Sláinte" á cheiliúradh an tseachtain dár gcionn agus go mbeadh imeachtaí speisialta á _________ chun dea-shláinte a chothú agus a chur chun cinn i measc daltaí, múinteoirí, agus tuismitheoirí na scoile.

### Pictiúr 2

I measc na n-imeachtaí a bhí ____________ bhí cluiche peile idir na daltaí agus na múinteoirí le bheith ann. Is cinnte gur bhain gach duine an-spraoi as sin. Ansin moladh do na scolairí dul go dtí ionad ___________na scoile agus cleachtaí gleacaíochta a dhéanamh. Rinne siad é sin go fonnmhar.

### Pictiúr 3

Chinn lucht riartha __________ na scoile ar bheartas nua maidir le bia a chur ar bun. Chuir siad an mana "BIA SLÁINTIÚIL" os cionn an chuntair agus __________ siad go mbeadh smailceanna folláine á gcur ar fáil acu feasta, greimíní gasta ar nós úlla, iógart, agus arán donn tí. Sa phictiúr seo feicimid cineálacha _________ nár cheart do dhaoine óga a ithe.

### Pictiúr 4

Eagraíodh siúlóid ____________ i rith Seachtain na Sláinte. Slí chun airgead a bhailiú is ea siúlóid urraithe. Caithfidh daoine atá rannpháirteach sa tsiúlóid "urraíocht" a fháil ó ghaolta, ó chomhharsana, ó chairde nó ón lucht gnó. Bhí airgead ag teastáil go géar ón scoil seo chun ____________ spóirt a cheannach. Fuair siad lá an-bhreá don tsiúlóid.

### Pictiúr 5

Lá de na laethanta i rith na seachtaine, ___________ an Comhairleoir Gairmthreorach leis na scolairí faoi ghnéithe eile den tsláinte, sláinte na hintinne. Labhair sí leo faoi na fadhbanna a bhíonn ag daoine óga. Dúirt sí nár chóir dóibh a bhfadhbanna _____________ a choinneáil faoi rún acu féin ach gur cheart dóibh labhairt le duine éigin eile, duine ______________ ar nós tuismitheoir nó múinteoir nó dochtúir chun go bhfaighidís comhairle.

### Pictiúr 6

Ag a ceathrú tar éis a dó ar an Aoine cuireadh __________ le Seachtain na Sláinte. Labhair an Príomhoide arís thar chóras fógartha poiblí na scoile agus ghabh sí

# Líon na Bearnaí

_____________ le gach aon duine. Dúirt sí gur éirigh go han-mhaith leis an tseachtain, Seachtain na Sláinte. Seachtain den scoth ab ea í dar léi.